

UISCE

Is ionad eachtraíochta faoi leith é UISCE atá lonnaithe i gCuan Eilí, gar do bhaile na hEachléime i gceartlár chroí na Gaeltachta i gContae Mhaigh Eo. Más é an suíomh an rud is tábhachtaí, tá UISCE suite san áit cheart! Táimid lonnaithe ar imeall na farraige in aice leis an trá “Brat Gorm” Chuan Eilí. Tá ár n-ionad timpeallaithe ag an bhfarraige le dumhcha, aillte garbha agus áilleacht nádúrtha eile ann. Labhraítear Gaeilge sa cheantar fós agus tá traidisiún láidir, gaelach le mothú ann. Is suíomh foirfe é chun tumoideachas iomlán a fháil sa Ghaeilge.

Tá sainchumas agus seantaithí againn anseo in UISCE, an Ghaeilge a mhúineadh trí mhodhanna éagsúla, spraoiúla, idirghníomacha laistigh agus lasmuigh den seomra ranga.

Tugann sé seo deis don mhac Léinn dearcadh dearfach i leith na Gaeilge a chothú. A luaithe agus a athraíonn dalta a meon i leith na teanga - éiríonn foghlaim na Gaeilge níos éasca. Is é ár mana anseo in UISCE ná “Gaeilge bheo bhríomhar ...” agus tá breis agus 20 bliain de thaithí againn ag soláthar cúrsaí Gaeilge le gníomhaíochtaí, eachtraí agus ranganna atá múinte go sábháilte agus go proifisiúnta.

Mar atá ráite ag Henry Ford tá cumhacht ag an duine cinneadh a dhéanamh faoi a gcuid féidearachtaí féin. Má tá dearcadh dearfach agat is féidir tabhairt faoi rud ar bith.

Gaeilge bheo bhríomhar

múinte go hanamúil, go proifisiúnta
agus go sábháilte trí eachtraí
ar muir is ar tír!

SÁBHÁILTEACHT

Tugtar tús áite do chúrsaí sábháilteachta i gcónaí. Déantar maoirseoireacht 24 uair an chloig ar dhaltaí.

Bíonn na heachtraí uisce agus na gníomhaíochtaí eachtraíochta á réachtáil ag teagascóirí cáilithe le taithí cuí agus comhlíonann an cóimheas teagascóir le daltaí treoirlínte gach bord rialaithe.

Tá cúrsaí agus áiseanna an ionaid formheasta ag:

- Cumann Seoltóireachta na hÉireann
- Cumann Tonnmarcaíochta na hÉireann
- Aontas Canúála na hÉireann
- An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
- An Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

TEAGMHÁIL

UISCE Cuan Eilí

O.P. Clochair

Béal an Átha

Co. Mhaigh Eo Éire F26 HF10

Phone 097-82111

Email eolas@uisce.ie



Treimhse Foghlama sa
Gaeltacht
Gaeltacht Iorrais, Co. Mhaigh Eo





Cúrsa d'Ábhair Oidí

Taithí na Gaeltachta! Is deis den scoth é seo do dhaltaí tumadh iomláin a fháil sa Ghaeilge i gcroílár na Gaeltachta. Níl bealach níos fearr chun an Ghaeilge a fhoghlaim agus chun blaiseadh beag de chultúr dúchasach na hÉireann a fháil ná trí thréimhse a chaitheamh i “dTobar na Teanga” i lár na Gaeltachta. Tabharfaidh an cúrsa seo taithí luachmhar duit, a bheith ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge sa Ghaeltacht chomh maith le deis do chuid scileanna teanga, múinteoireachta agus sóisialta a fheabhsú.

Tá curaclam 3ú leibhéal i bhfeidhm anois d'ábhair oidí ina bhfuil na spriocanna seo luaite leis:

- Cruinneas gramadaí
- Léamhthuiscint
- Scríbhneoireacht
- Foghraíocht
- Stór focal
- Cluastuiscint
- Caint
- Oiriúnacht

Taréis an chúrsa i gColáiste UISCE beidh muid ag súil go mbeidh sé ar do chumas:

- Coras fuaimeanna na Gaeilge a léiriú i do chuid cainte agus i do chuid léitheoireachta.
- Breis feasachta a léiriú maidir le gramadach agus comhréir na Gaeilge.
- Cur síos a dhéanamh ar ghnéithe de chultúr comhaimseartha na Gaeltachta.
- Moltaí maidir le comhtháthú na Gaeilge le hEalaín, Corpoideachas agus Drámaíocht a phlé agus a chur i bhfeidhm sa seomra ranga.
- Tuiscint níos fearr a fháil maidir le teagasc na Gaeilge agus teagasc trí Ghaeilge.

Seisiúin na Maidine

Is é cuspóir sheisiúin na maidine ná scileanna foghlama teanga na mac léinn a fhorbairt trí thascanna éagsúla a chur i gcrích. Díreoidh na tascanna seo ar cheartúsáid na Gaeilge le béim ar leith ar labhairt na teanga agus ar an gcur chuige cumarsáideach.

Is iad na téamaí ginearálta a bhéas le clúdú i seisiún na maidine ná:

- Féinfheasacht an fhoghlaimseora
- Gaeilge na Gaeltachta
- An Ghaeilge ar líne
- An Filleán Foghlama

Seisiúin an Tráthnóna

Ní bheidh an seisiún tráthnóna chomh foirmiúil. Tabharfaidh na seisiúin seo deis do na hÁbhair Oidí obair a dhéanamh ar thascanna cruthaitheachta. Feicfear an chaoi gur féidir ealaín, ceol, corpoideachas agus drámaíocht a chomhtháthú le hábhair eile sa churaclam bunscóile agus leis an nGaeilge ach go háirithe. Tá an iliomad bealach ann leis an teanga a fhoghlaim agus a mhúineadh do pháistí.

Is iad na téamaí ginearálta a bhéas le clúdú sa seisiún tráthnóna ná:

- Ealaín do mhórcáidí na bliana agus do mhórcáidí i saol an duine.
- Cluichí, damhsaí agus corpoideachas trí mheán na Gaeilge.
- Ealaíona béil na Gaeltachta (agallaimh, seiteanna, drámaí agus amhráin).

Beidh múinteoirí Coláiste UISCE ag cuidiú leat do Fhillteán Foghlama a réiteacht

Le linn na tréimhse seo beidh deis agat scileanna nua eachtraí uisce agus talún a fhoghlaim chomh maith. Gheobhaidh tú blas seoltóireachta, clársheoltóireachta, caighceála, tonnmarcaíochta, dreapadóireachta, boghdóireachta agus eile. Le cóimheas múinteoir amháin do gach seisear mac léinn cabhróidh na ranganna eachtraí seo go mór leat do stór focal sa Ghaeilge a leathnú agus a chleachtadh.

Seisiúin na hOíche

Beidh éagsúlacht iontach taitneamhach Gaelach le fáil tríd eachtraí oíche le linn do chúrsa i gColáiste UISCE mar shampla:

- Céilí (Damhsa Seit, Sean Nós)
- Drámaíocht
- Amhránaíocht
- Tráth na gCeist
- Fleá Fhulachta

Teicneolaíocht mar Áis sa Seomra

Ranga

Cuirfear an-bhéim ar úsáid na teicneolaíochta sa seomra ranga. Beidh deiseanna ag mic léinn úsáid a bhaint as clár bán idirghníomhach, as bogearraí Gaelacha ar na ríomhairí ranga, as áiseanna idirlín agus as acmhainní nua aimseartha eile. Beidh WI-FI le fáil sna seomraí ranga agus in Ionad UISCE chun cabhrú leat le do chuid oibre.

Forbairt Pearsanta

Beidh oideachas bunaithe ar fhorbairt pearsanta agus féinmhuinín do Ghaeilgeoirí go mór chun cinn sa chúrsa seo. Léiríonn an t-údar Daniel Goleman Phd, saineolaí sa réimse seo, go bhfuil dhá oiread an tábhacht agus an tionchar ag éirim mhothúcháinach (emotional intelligence) ná mar atá ag IQ nó cumas acadúil, ar dhul chun cinn an duine. Aontaíonn muid leis an dearcadh seo agus beidh béim láidir, leanúnach á chur againn ar an bhforbairt phearsanta le linn an chúrsa.

Tá scileanna faoi leith ag teastáil do na dúshláin “neartú fóirne”. Bíonn obair bhuíne, comhoibriú, scileanna cumarsáide, agus fadhbréiteach i gceist leo. Oibreoidh muid ar straitéisí chun dul i ngleic le coimhlintí pearsanta agus beidh comhoibriú agus cumarsáid éifeachtach mar théamaí móra le linn an chúrsa chomh maith. Éilíonn na heachtraí uisce agus talún diongbháilteacht agus dearcadh dírithe, tréithe atá tábhachtach chun dul chun cinn a dhéanamh sa saol.

Tá neart deiseanna ann le linn na n-eachtraí oíche do na daltaí meascadh lena chéile. Tá scileanna sóisialta rí-thábhachtach do chách agus mar sin is fiú iad a chothú agus a fhorbairt. Éascaíonn agus comhtháthaíonn ár dteagascóirí sainchailithe na scileanna seo le linn an chúrsa, rud a spreagann meas dá chéile i measc na ndaltaí le linn dóibh fanacht anseo in UISCE.



Eachtraí Uisce (Roghnach) & Talún

Cinntíodh na heachtraí fisiciúla sláintiúla seo go mbeidh cothromaíocht idir obair acadúil an chúrsa agus gnéithe taitneamhacha eile d'éispéaras an choláiste.